# Ceannaire

**Oiliúint Ghairme sna Meáin -**

**Chomhpháirtíocht Straitéiseach de chuid Údarás na Gaeltachta agus TG4**

Is comhfiontar straitéiseach é seo idir TG4 agus Údarás na Gaeltachta a bhfuil sé mar aidhm aige forbairt fadtéarmach agus chothrománach a dhéanamh ar earnáil na Meán Ghaeilge. Le linn na tréimhse 2026–2028, cuirfear infheistíocht shuntasach ar fáil chun cláir oiliúna, forbairt scileanna, agus cláir thionscanta chruthaitheacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a thacóidh le comhlachtaí léirithe Gaeltachta & Gaeilge, fiontraithe nua, lucht gnó agus tallann óg ar fud na tíre.

Tá **Ceannaire** le ceapadh ar bhonn conartha trí bliana chun ceannas straitéiseach agus fís cheannródaíoch a thabhairt ar an togra seo, agus chun forbairt earnálach, scileanna, acmhainní agus cruthaitheachta a threisiú ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach. Beidh an té a cheapfar ag freagairt do Choiste Stiúrtha arna bhunú ag TG4 agus Údarás na Gaeltachta.

## An Ról – Ceannaire Oiliúna Gairme sna Meáin

Is ról ceannaireachta straitéisí é seo, dírithe ar athrú córais agus ar fhorbairt earnála sa mheáin Ghaeilge. Beidh an Ceannaire freagrach as fís fhoriomlán an tionscnaimh a stiúradh agus a chur i bhfeidhm, ag comhordú clár forbartha tallainne, cláir oiliúna agus tionscadail nuálacha, agus ag gníomhú mar phríomhphointe idirghníomhaíochta leis an earnáil chlosamhairc, leis an nGaeltacht agus leis na príomheagraíochtaí tacaíochta.

### Príomhfhreagrachtaí

- **Ceannaireacht Straitéiseach & Fís Earnála**
    - Fís straitéiseach Gaeltachta & náisiúnta don oiliúint ghairme sna meáin Ghaeilge a chruthú agus a chur i bhfeidhm i gcomhar le TG4, Údarás na Gaeltachta agus páirtithe earnála.
    - Treoir agus modheolaíochtaí forbartha tallainne a ailíniú le cuspóirí náisiúnta cultúir, scileanna agus fostaíochta agus ailíniú le polasaithe agus beartais don Ghaeilge agus Gaeltacht.
    - Tionchar earnála a thomhas agus tuairisciú rialta ar dhul chun cinn don Choiste Stiúrtha.
- **Forbairt Scileanna & Bainistíocht Clár**
    - Ceannasaíocht a thabhairt ar chur i bhfeidhm clár struchtúrtha **Printíseachtaí** agus **Scéimeanna do Nua-Iontrálaithe**, le fócas ar bhealaí gairme inbhuanaithe a chruthú.

- Bailíochtú sábháilte agus éifeachtach de chúrsaí scileanna sna réimsí teilifíse, scannánaíochta, físeáin digiteach, idirghníomhaíochtaí CREATech agus léiriúcháin.
- Idirchaidrimh oibre láidre a chothú le hinstitiúidí tríú leibhéal, an earnáil oideachais agus eagraíochtaí scileanna.
- Forbairt a dhéanamh ar chlár oiliúna iarbhunoideachais, cursaí idirbhliana, scéimeanna forbartha, ócáidí agus imeachtaí gairme.

- **Tacaíocht don Earnáil Léirithe**
  - Cláir a thionscnú a chuideoidh le fás agus inbhuanaitheacht comhlachtaí léirithe Gaeilge agus Gaeltachta
  - Cláir agus tacaíochtaí acmhainn-bhunaithe a dhearadh don earnáil.
  - Treoir straitéiseach a chur ar fáil ar bhuntáistí agus ar dheiseanna nua in ábhar digiteach, comhoibriú idirnáisiúnta, forbairt IP agus comhpháirtíochtaí sna meáin.
- **Comhpháirtíochtaí Gaeltachta, Náisiúnta & Idirnáisiúnta**
  - Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt le heagraíochtaí Gaeltachta, náisiúnta agus idirnáisiúnta sa chlosamhairc, sa chruthaitheacht agus sa nuálaíocht.
  - Ról gníomhach a ghlacadh i dtograí earnála lena n-áirítear comhoibriú le Screen Ireland, Coimisiún na Meán, CREW, na Gteiceanna, agus líonraí idirnáisiúnta.
  - A bheith mar abhcóide don earnáil Ghaeilge agus Gaeltachta i bhfóraim náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- **Cumarsáid, Feasacht & Forbairt Éiceachóras na Meán**
  - Cur le hathmhaisniú agus le láidriú éiceachóras na meán trí fheachtais feasachta, imeachtaí poiblí agus tionscnaimh leanaí/óg.
  - An Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga oibre, chruthaitheach agus theicniúil i dtimpeallachtaí meán nua-aimseartha.
  - “One Stop Shop” faisnéise a chruthú don earnáil maidir le traenáil, scileanna, bealaí gairme agus tacaíochtaí fiontraíochta.

**Léireoidh an té a cheapfar sa ról Ceannaireachta seo na tréithe agus na cailíochtaí ghairmiúila seo agus iad i mbun an chúraim:**

- A bheith tiomanta de Fhís, Misean agus Straitéisí Forbartha de chuid TG4 agus Údarás na Gaeltachta.
- Ardleibhéal inniúlachta Gaeilge, idir labhairt agus scríobh.
- Taithí shuntasach i gceannaireacht straitéiseach, i bhforbairt cláir scileanna, nó i mbainistíocht tionscadal móra earnála.
- Tuiscint dhomhain ar earnáil na meán closamhairc, go háirithe ar an éiceachóras Gaeilge.
- Cumas cruthaitheach agus straitéiseach i bhforbairt tallainne agus i dtionscnaimh nuálaíochta.
- Scileanna den scoth i mbainistíocht caidrimh le páirtithe leasmhara agus i gcomhordú ilghníomhaíochtaí.
- Taithí ar fhorbairt fiontraíochta, pleanáil straitéiseach agus tacaíocht do ghnólachtaí beaga.

**Lonnú an Phoist**

Beidh an Ceannaire fostaithe ag TG4. Beidh stiúir ar na haidhmeanna ó Choiste Stiúrtha idir TG4 agus Údarás na Gaeltachta.

Sa gCeannáras i mBaile na hAbhann a bheidh an post lonnaithe. Tá polasaí oibre solúbtha i bhfeidhm ag TG4.

**Tuarastail**

Íocfar tuarastal i gcomhréir le scála pá ar Ghrád 2 i TG4. Beidh an pointe tosaigh ar an scála seo le haontú de réir taithí agus cáilíochtaí an té a cheapfar.

**Ginearálta**

Is fostóirí comhdheiseanna é TG4. Déanfar iarratais incháilithe a mheas beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh nó gur duine den Lucht Siúil atá i gceist. Tá na páirtnéirí maoinithe i bhfabhar na héagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine ó chúlraí éagsúla.

Éireoidh leat sa ról seo más duine tú atá ábalta oibriú go muiníneach, go solúbtha agus go héifeachtach as do stuaim féin i dtimpeallacht spreagúil.

*Tabhair ar aird: Is treoir é an sainchuntas poist seo maidir le réimsí leathana freagrachta agus cuntasachta agus níor cheart breathnú air mar liostú cuimsitheach. D'fhéadfadh an sainchuntas poist a bheith faoi réir athbhreithnithe i bhfianaise struchtúir nua agus / nó athrú a bheith ag teacht ar riachtanais TG4.*

**Seol litir iarratais chomh maith le cáipéis (2 leathanach) ina léirítear an uaillmhian atá agat don phost mar Cheannaire – Oiliúint Ghairme sna Meáin chuig cv@tg4.ie, roimh 4pm Dé hAoine 3 Aibreán 2026.**

**Eolas Breise don Iarratasóir**

**Grád an Phoist:**

TG4 Grád 2

**Uaireanta Oibre:**

39 uair sa tseachtain. Mar gheall ar riachtanais an phoist, táthar ag súil go mbeifí solúbtha ó am go ham, lena n-áirítear a bheith sásta oibriú, nuair atá gá leis, lasmuigh d'uaireanta oifige, ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire bainc.

**Laethanta Saoire:**

Chomh maith leis na laethanta saoire bainc reachtúla, beidh tú i dteideal 23 lá de shaoire íoctha in aghaidh na bliana.

**Pinsean:**

Tá baill foirne TG4 i dteideal dul isteach i nGrúpscéim Pinsin TG4 faoi réir théarmaí aon scéime atá ann cheana.

**Taisteal:**

Beidh taisteal i gceist ó am go chéile mar chuid den ról, in Éirinn agus thar lear.

**Buntáistí eile a bhaineann le bheith ag obair i TG4:**

- Deiseanna Oiliúna agus Forbartha
- Saoire Staidéir agus Scrúduithe
- Táillí Ballraíochta Gairmiúla
- Pinsean Ranníocach
- An Clár Cúnaimh d'Fhostaithe
- An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre